RÚN (AE) 2022/1829 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0076/2022),

A. de bhrí, le Cinneadh 2007/198/Euratom ([1]) an 27 Márta 2007, gur bunaíodh an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (an "Comhghnóthas") in Aibreán 2007 ón gComhairle ar feadh tréimhse 35 bliana;

B. de bhrí go bhfuil na grúpaí a leanas ina gcomhaltaí den Chomhghnóthas: Euratom, a bhfuil ionadaíocht á déanamh air ag an gCoimisiún, ballstáit de Euratom, agus tríú tíortha a bhfuil comhaontú comhair le Euratom tugtha i gcrích acu i réimse an chomhleá núicléach rialaithe

C. de bhrí gurb iad cuspóirí an Chomhghnóthais rannchuidiú an Aontais a chur ar fáil do thionscadal idirnáisiúnta fuinnimh comhleá ITER, an comhaontú maidir le cur chuige níos leithne idir Euratom agus an tSeapáin a chur chun feidhme, agus ullmhú do thógáil imoibreora comhleá taispeána agus saoráidí gaolmhara;

D. de bhrí go mbaineann urscaoileadh don bhliain airgeadais 2020 leis an bhFuinneamh Comhleá (F4E) ós rud é gur meigeathionscadal idirnáisiúnta um thaighde agus um innealtóireacht i réimse an chomhleá núicléach é ITER agus gurb é F4E an eagraíocht a bhainistíonn rannchuidiú an Aontais le ITER;

E. de bhrí gur thosaigh an Comhghnóthas ag obair go neamhspleách i mí an Mhárta 2008;

Ginearálta

1. ag tabhairt dá haire, sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí (an "Cúirt") maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2020 ("tuarascáil ón gCúirt"), go dtugtar le fios go gcuirtear i láthair sna cuntais bhliantúla, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais an 31 Nollaig 2020 agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid thirim, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain a tháinig chun deiridh ansin, i gcomhréir lena rialachán airgeadais agus leis na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil na bun-idirbhearta a ghabhann leis na cuntais don bhliain airgeadais 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha;

2. ag tabhairt dá haire, agus is ábhar imní di, sa tuarascáil ón gCúirt, gur tugadh aird ar leith ar an meastachán ar an gcostas iomlán a bhain le comhlíonadh na n-oibleagáidí chun tionscadal ITER a thabhairt chun críche in 2042, arna mheas ag an gComhghnóthas ag EUR 17 968 050 000 (i luachanna 2020) agus ar an bhfíoras go bhféadfadh athruithe ar phríomhthoimhdí maidir leis an meastachán agus maidir leis an neamhchosaint ar riosca a bheith ina gcúis le méadú suntasach ar chostais agus/nó tuilleadh moilleanna ar chur chun feidhme thionscadal ITER; ag tabhairt dá haire, i measc na bpríomhthoimhdí de chuid bhonnlíne ITER a d'fhormheas Comhairle Eagraíocht ITER i mí na Samhna 2016, go bhfuil an méid seo a leanas á choinneáil: sprioc-am mhí na Nollaig 2025 don Chéad Phlasma, agus céim an deoitéiriam-tritiam ag tosú i mí na Nollag 2035; ag tabhairt dá haire, i gcodarsnacht leis sin, i mbonnlíne 2010, gur measadh go mbainfí amach an chéim tógála in 2020, agus go meastar anois gurb í bonnlíne reatha ITER a formheasadh in 2016 an dáta is luaithe chun an chéim sin a bhaint amach go teicniúil; á iarraidh ar an gComhghnóthas aon athrú ar an gcás sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh; ag tabhairt dá haire go ndéantar tagairt go háirithe sa tuarascáil ón gCúirt d'athruithe ar na ceanglais maidir le sábháilteacht núicléach, ar ceanglais iad atá faoi údarás deiridh Údarás Sábháilteachta Núicléiche na Fraince, don mheastachán costais nár athbhreithníodh maidir le Coimpléasc Teo-Chille, agus d'athruithe ar na ceanglais sin;

([1]) IO L 90, 30.3.2007, lch. 58.

3. ag moladh go ndéanfadh an Comhghnóthas rialú níos fearr ar chostais an tionscadail agus go gcuirfeadh sé in iúl ar bhealach níos trédhearcaí na speansais uile a bhaineann leis an oibríocht fhoriomlán;

4. ag tabhairt dá haire gur chinn Comhairle ITER an plean bonnlíne sin a choinneáil, ar bhonn sealadach, leis an gCéad Phlasma atá leagtha síos do mhí na Nollag 2025 in ainneoin moill 8 mí a bheith tuartha i ngeall ar charnadh moilleanna maidir le seachadtaí comhpháirteanna, tús a chur le gníomhaíochtaí suiteála ag suíomh Cadarache, agus tionchar phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire gur aithin Eagraíocht ITER go bhfuil sárú dochúlaithe déanta ar an sceideal don Chéad Phlasma; á chur in iúl gurb oth léi go meastar gur moill de thart ar 17 mí ar an iomlán a bheidh ann agus nach é an phaindéim sláinte amháin is cúis leis ach seachadadh mall roinnt comhpháirteanna, go háirithe an Soitheach Folúis, agus go háirithe i gcás na n-earnálacha atá faoi chúram na hEorpa, chomh maith leis na hoibreacha tionóla arna ndéanamh ag an eagraíocht idirnáisiúnta atá níos moille ar an iomlán; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis sin; ag cur sonrú, ina theannta sin, san easpa teagmhais sa sceideal agus ag tabhairt dá haire nár coinníodh an moladh ón gCoimisiún agus ó Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe ná nár cuireadh san áireamh é ar leibhéal an Aontais; ag tabhairt dá haire, ón naoú Tuarascáil Mheasúnachta Bhliantúil, gur cheart cúlchiste teagmhasach a thabhairt isteach i bpleanáil ghníomhaíochtaí an Chomhghnóthais lena mbaineann agus gur cheart é a bheith mar chuid de bhonnlíne an sceidil; ag cur sonrú, ina theannta sin, sna moltaí a rinne an painéal measúnóirí maidir le cúlchistí bainistíochta; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis sin;

5. ag tabhairt dá haire go bhfuiltear ag dréim go gcuirfidh Eagraíocht ITER sceideal nuashonraithe i láthair maidir le tógáil láithreán ITER in Earrach na bliana 2022 d'fhonn go nglacfar é i mí na Samhna 2022, faoi réir measúnú ag painéal saineolaithe neamhspleácha; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisciú a dhéanamh go práinneach ar aon fhorbairt ina leith sin, go háirithe an dáta a gcuirfear tús le céim an deoitériam-tritiam;

6. ag tabhairt dá haire gur fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas agus Euratom an 31 Eanáir 2020; ag tabhairt dá haire gur gheall an Ríocht Aontaithe, tar éis an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, a hoibleagáidí uile a íoc faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair agus faoi na peirspictíochtaí airgeadais a bhí ann roimhe seo mar thoradh ar a ballraíocht san Aontas agus gur íoc sí isteach i mBuiséad 2020 an Aontais le linn na bliana, agus go bhfuair sí íocaíochtaí, amhail is dá mba Bhallstát í; ag tabhairt dá haire go mbeidh an Ríocht Aontaithe ina Stát Comhlachaithe de Euratom, faoi na coinníollacha céanna leis na Ballstáit, go dtí go ndaingneofar an prótacal maidir le comhlachas na Ríochta Aontaithe le cláir de chuid an Aontais; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh faoi aon fhorbairtí i dtaca leis sin;

7. á chur in iúl gurb eol di sa bhreis ar an gcéim tógála, go mbeidh ar an gComhghnóthas rannchuidiú le céim oibríochtúil ITER tar éis 2035 agus le céimeanna díghníomhachtaithe agus díchoimisiúnaithe ITER a thiocfaidh ina dhiaidh sin mar a shonraítear sa Chomhaontú maidir le bunú na hEagraíochta Fuinnimh Comhleá ITER chun an Tionscadal ITER a chur chun feidhme ([2]); ag tabhairt dá haire go ndearnadh an ranníocaíocht le céim an díghníomhachtaithe agus le céim an díchoimisiúnaithe a mheas, ag EUR 95 540 000 agus EUR 180 200 000 (i luachanna 2001), faoi seach;

8. ag tabhairt dá haire gur chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach, don chéad tréimhse CAI eile 2021-2027, buiséad le haghaidh ranníocaíocht Euratom le ITER arb ionann é agus luach iomlán de EUR 5 614 000 000 (i luachanna reatha) a bhfuil EUR 5 560 000 000 de (i luachanna reatha) ina ranníocaíocht dhíreach leis an tionscadal;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

9. ag tabhairt dá haire gurbh ionann leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 885 669 069 sa bhuiséad deiridh a bhí ar fáil do 2020 agus gurbh ionann leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus EUR 816 458 884; ag tabhairt dá haire gurbh iad 100 % agus 98 % faoi seach na rátaí úsáide do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le 99,8 % agus 97,1 % in 2019);

10. ag tabhairt dá haire, as EUR 885 669 069 a bhí ar fáil le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, gur cuireadh 100 % de sin chun feidhme trí ghealltanais aonair (a chomhfhreagraíonn do EUR 885 349 020);

([2]) IO L 358, 16.12.2006, lch. 62:https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A22006A1216%2803%29

11. ag tabhairt dá haire ón méid a bhí i dtuarascáil na Cúirte nár chomhlíon modh ríofa an Chomhghnóthais do ranníocaíochtaí ballraíochta bliantúla 2020 forálacha a rialacháin airgeadais faoi seach agus in ionad na measatacháin ranníocaíochta mar a ghlac an bord rialaithe iad a úsáid, thoibhigh an Comhghnóthas na ranníocaíochtaí bunaithe ar dhréachtmheastachán atá fós le glacadh; á iarraidh ar an gComhghnóthas go ndéanfadh sé forálacha a rialacháin airgeadais a chomhlíonadh agus tuarascáil a thabhairt, ar bhealach cuimsitheach agus trédhearcach, don údarás um urscaoileadh ar na cúiseanna gur imigh sé ó mheastachán an bhoird rialaithe a úsáid; ag cur sonrú i bhfreagra ón gComhghnóthas, ionas go seachnófaí nach dtarlódh an méid sin an athuair, gur ghlac sé an beart an dréacht-doiciméad clársceidealaithe aonair don bhliain dar gcionn, ón mbord rialaithe deireanach, a fhormheas;

Feidhmíocht

12. ag tabhairt dá haire go bhfuil garsprioc Chomhairle ITER/bhord rialaithe Chomhairle ITER bainte amach ag an gComhghnóthas maidir leis an rochtain chraenach idir an Seomra Tionóil agus Foirgneamh Tokamak, rud a chuir ar chumas ITER tosú ag teacht le chéile i mí Iúil 2020 agus as ar tháinig seachadadh na gcéad phríomhchodanna d'Eagraíocht ITER; ag tabhairt dá haire, thairis sin, ón tuarascáil ar dhul chun cinn, gur fhógair Eagraíocht ITER in 2020 go raibh 72,1 % de líon iomlán na n-oibreacha tógála bainte amach ag an tionscadal ina iomláine go dtí céim an Chéad Phlasma, i gcomparáid le 77,3 % a bhí beartaithe, agus gur 57,7 % a bhí i bhforghníomhú thionscadal ITER, lena n-áirítear na hoibreacha tógála ar fad a rinneadh tar éis an Chéad Phlasma chun deoitéiriam-tritiam a bhaint amach;

13. ag tabhairt dá haire, agus is ábhar imní di, sa naoú Measúnú Bliantúil gur thug painéal measúnóirí faoi deara nárbh ann do phríomh-thoisc choiteann sa tionscadal chun gach ní a snaidhmeadh ina chéile agus nach raibh cuspóir coiteann ann, go háirithe ar leibhéal bainistíochta idir F4E agus Eagraíocht ITER agus go bhfuil na heilimintí "boga" sin a bhaineann le bainistiú tionscadal ríthábhachtach; ag ceistiú an bhféadfadh sé nach mbeadh tionchar ag an staid seo ar éifeachtacht an tionscadail agus á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis sin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, ón méid a bhí sa mheasúnú bliantúil gur gá don Chomhghnóthas a phríomh-shaineolas teicniúil a threisiú sna réimsí a bhaineann le gníomhaíochtaí criticiúla leanúnacha agus gníomhaíochtaí a bheidh ann amach anseo i ndáil le ceanglais fheidhmiúla Eagraíocht ITER agus sonraíochtaí teicniúla agus comhlíonadh conraitheoirí tionsclaíocha; á iarraidh ar an gComhghnóthas cloí leis na moltaí a eisíodh sa mheasúnú bliantúil agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh ina leith sin;

14. ag tabhairt dá haire ón méid a bhí sa tuarascáil ón gCúirt gur mheas an Comhghnóthas cé go raibh tionchar tromchúiseach ag paindéim COVID-19 nach raibh tionchar suntasach aici, agus go raibh an phaindéim, faoi mhí Aibreáin, ina cúis le moilleanna suas le ceithre mhí i gcás roinnt seachadtaí, agus go raibh méadú ar chostais de thart ar EUR 47 000 000 (i luachanna 2008) do thionscadal foriomlán ITER mar thoradh air sin, agus go bhféadfadh iarmhairtí breise a bheith ann dá rachadh an phaindéim in olcas in 2021; á iarraidh ar an gComhghnóthas an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoi aon mhoilleanna agus méadú ar chostas sa bhreis a bhaineann leis an bpaindéim;

Calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc

15. ag cur sonrú i bplean gníomhaíochta frithchalaoise an Chomhghnóthais lena gcumhdaítear an tréimhse ó 2020 go 2023, i gcomhréir leis an straitéis a glacadh in 2019, agus sna himeachtaí agus sna cúrsaí oiliúna feasachta arna n-eagrú don fhoireann agus don bhainistíocht; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur cuireadh 33 ghníomhaíocht frithchalaoise chun feidhme in 2020; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i dtaca le toradh na ngníomhaíochtaí sin;

16. ag tabhairt dá haire, d'fhonn coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, gur eagraigh an t-oifigeach frithchalaoise agus eitice oiliúint do bhaill foirne nua agus oiliúint shonrach do bhainisteoirí F4E; ag tathant ar an gcomhghnóthas leanúint d'fheabhas a chur ar a bhearta chun calaois a chosc;

Foireann agus earcaíocht

17. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, ón méid a bhí i dtuarascáil na Cúirte go raibh easpa trédhearcachta i nósanna imeachta earcaíochta an Chomhghnóthais a rinneadh in 2020 ó thaobh an ghearrliosta deiridh d'iarrthóirí a chur le chéile a dtabharfaí cuireadh dóibh chun freastal ar an gcéad chéim mheasúnaithe eile (agallaimh agus trialacha scríofa), agus nach bhfuil sé soiléir conas a chuir an coiste roghnúcháin na critéir bhuntáisteacha faoi roghnú na n-iarrthóirí san áireamh; ag cur sonrú i bhfreagra ón gComhghnóthas gur thosaigh sé, in 2021, measúnuithe lán-chainníochtúla ar iarratais a áireamh; á iarraidh ar an gComhghnóthas athbhreithniú a dhéanamh go dícheallach ar a bheartas earcaíochta agus leanúint dá fheabhsú chun trédhearcacht agus cothroime an phróisis a mhéadú agus aon fhorbairt i ndáil leis sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

18. ag tabhairt dá haire gur cinneadh i réamhimscrúdú inmheánach nár léir cibé acu an raibh nó nach raibh féinmharú an fhostaí nasctha leis an timpeallacht oibre, ach á chur i bhfios gur fhág an fostaí céanna nóta inar cuireadh in iúl go soiléir go raibh "tnáitheadh ag an obair" ina thoisc leis agus, i ríomhphost níos luaithe chuig ionadaí ón riarachán dar dáta an 22 Eanáir 2020, scríobh an fostaí faoina nochtadh do "chás dian ciaptha"; á chreidiúint, dá bhrí sin, gur gá imscrúdú neamhspleách a bheith ann maidir leis an méid a tharla, mar a d'iarr stiúrthóir F4E freisin;

19. ag tabhairt dá haire gur díríodh go speisialta in 2020 ar chlár nua oiliúna agus cáilíochta a chur chun feidhme d'fhoireann an Chomhghnóthais a bhfuil gníomhaíochtaí tábhachtacha cosanta á ndéanamh acu, agus beartas nua an Chomhghnóthais a bhaineann le hinniúlacht agus cáilíocht sábháilteachta núicléiche á chur i bhfeidhm, agus ag deireadh 2020 go raibh 92 % de ghníomhaithe tábhachtacha cosanta oilte agus cáilithe, rud a chomhlíon an cuspóir corparáideach;

20. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, ar bhonn ghníomhaíocht leantach na Cúirte ar a cuid barúlacha ó 2019, go bhfuil gníomhaíochtaí ceartaitheacha fós ar bun maidir le fadhbanna agus rioscaí ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí agus an chultúir chorparáidigh a shainaithin an painéal seachtrach saineolaithe; á athdhearbhú go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag an staid sin ar fheidhmíocht na foirne mura réitítear í; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis sin; ag tabhairt dá haire gur modhnaíodh an beartas maidir le conarthaí fostaíochta sa Chomhghnóthas in 2020;

21. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur lean an fhoireann de bheith ag laghdú beagán, 0,9 %, in 2020; ag athdhearbhú gur chuir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa acmhainní daonna fadhbacha an Chomhghnóthais in iúl le linn iniúchtaí a rinneadh roimhe seo; á chur i bhfáth gurb é an toradh a bhíonn ar easpa foirne reachtúla leordhóthanaí ná go mbaintear níos mó úsáide as foireann eatramhach nó go ndéantar oibrithe a ionfhoinsiú ar bhonn conarthach; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil rioscaí ar leith ag baint leis sin a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht fhoriomlán an Chomhghnóthais, amhail coimeád na bpríomhinniúlachtaí, bealaí neamhshoiléire cuntasachta agus éifeachtúlacht níos ísle foirne;

22. á chur in iúl gur eol di gur sheol ceannairí na dtrí cheardchumann phríomha, ar an 17 Eanáir 2022, litir thar ceann fhoireann F4E chuig an gCoimisinéir um Buiséad agus Riarachán, agus chuig an gCoimisinéir um Fhuinneamh, faoin gcás ríthábhachtach in F4E, ag iarraidh ar an gCoimisiún tacú le fiosrúchán de chuid OLAF maidir le timpeallacht ghairmiúil F4E; ag tabhairt dá haire go n-iarrann siad, sa bhreis air sin, ar an gCoimisiún measúnú domhain a dhéanamh ar bhainistíocht shinsearach reatha F4E freisin, go háirithe i ndáil lena hinchreidteacht agus lena cumas chun clár um athrú a chur chun feidhme, sa chomhthéacs atá ann faoi láthair, lena bhféadfaí muinín a athbhunú agus chun timpeallacht oibre agus cultúr corparáideach F4E a chlaochlú; á iarraidh ar an gComhghnóthas aon athrú ar an gcás sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

23. á mheabhrú gur tugadh chun suntais i dtuarascáil 2019 maidir le hurscaoileadh roinnt fadhbanna agus rioscaí ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí agus an chultúir chorparáidigh; a d'fhéadfadh, mura réitítear iad, tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht fhoireann an Chomhghnóthais; ag tabhairt dá haire gur glacadh roinnt beart chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, lena n-áirítear ceann nua riaracháin a cheapadh, clár cóitseála a thabhairt isteach agus comhaontú le trí cheardchumann; á chur in iúl gur cúis mhór imní di fós, áfach, nach bhfuil feabhas leordhóthanach tagtha ar an timpeallacht oibre ná ar dhea-bhail na foirne;

24. ag tabhairt dá haire gur ghlac an Comhghnóthas straitéis éagsúlachta chun tacú le cothromaíocht inscne agus le hionadaíocht gheografach na foirne agus chun iad a bhaint amach; ag tabhairt dá haire gur mhná iad 14 % de bhainisteoirí sinsearacha F4E in 2020 agus gurbh fhir iad 86 % díobh agus gur mhná iad 16 % dá mheánbhainisteoirí agus gurbh fhir iad 84 % díobh; á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil ceann riaracháin ar bhean í ceaptha ag F4E; ag tathant ar an gComhghnóthas leanúint d'fheabhas a chur ar chothromaíocht inscne agus iarracht a dhéanamh cothromaíocht gheografach chothrom a bhaint amach i ndáil leis sin;

25. ag tabhairt dá haire gur ghlac an Comhghnóthas an chéad Straitéis maidir leis an Éagsúlacht, Comhionannas Deiseanna agus Neamh-Idirdhealú in 2020 chun an comhionannas agus an éagsúlacht a chur chun cinn san ionad oibre, thar thréimhse trí bliana;

26. ag tabhairt dá haire gur sheol an Comhghnóthas a chéad suirbhé maidir leis an tionchar a bhí ag COVID-19 i mí an Mheithimh 2020, agus i ndiaidh an toraidh a bhí air sin, chinn acmhainní daonna a dhíriú ar ghníomhaíochtaí coisctheacha síceasóisialta sna réimsí seo a leanas: an dea-bhail mhothúchánach agus an bainistiú struis; á chur in iúl gur cúis imní di go bhfuarthas amach i measúnú riosca síceasóisialta a rinneadh le déanaí go raibh 54,2 % de bhaill foirne buartha faoina n-ualach oibre;

27. ag tabhairt dá haire go n-aithníonn F4E an gá atá le tuilleadh feabhais a dhéanamh maidir le hacmhainní, luachanna, iontaoibh agus cultúr agus go bhfuil gníomhaíochtaí seolta aige chun a chuspóir corparáideach, go mbeidh F4E ina áit oibre níos fearr, a bhaint amach; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh gan mhoill maidir leis na gníomhaíochtaí sin;

Rialú inmheánach

28. ag tabhairt dá haire gur thángthas ar an tátal i measúnú bliantúil 2020 ar an gcóras rialaithe inmheánaigh go bhfuil na comhpháirteanna uile ag feidhmiú le chéile ar bhealach comhtháite, seachas i gcás rialú amháin ina raibh easnamh criticiúil in uirlis bainistithe conarthaí an Chomhghnóthais (DACC) i leith gealltanais dhlíthiúla maidir le caiteachas oibríochtúil a chur ar bhonn foirmiúil; ag tabhairt dá haire, áfach, ón méid a bhí sa tuarascáil ón gCúirt i gcás DACC agus feidhmchlár TF i dtaca le bainistiú doiciméad (IDM) nach bhfuil feidhm acu maidir le córais agus sreabhadh oibre chóras faisnéise airgeadais an Choimisiúin (ABAC), agus go ndearna stiúrthóir feidhmiúcháin an Chomhghnóthais cinneadh i mí an Mhárta 2020, ní hamháin gur cheart na sínithe leictreonacha ardleibhéil in DACC a úsáid chun leasuithe ar chonarthaí a bhainistiú agus a shíniú ach gur cheart iad a úsáid le haghaidh conarthaí tosaigh, agus le haghaidh bearta sealadacha riaracháin chomh maith, le linn phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire nár chuir an Comhghnóthas a fheidhmchláir TF áitiúla in oiriúint go hiomlán do phróisis inmheánacha na dtoscaireachtaí agus go bhfuil laigí suntasacha fós le réiteach lena n-áirítear gnéithe dlíthiúla, teicniúla agus rialaithe inmheánaigh; ina theannta sin, ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach féidir le feidhmchlár DACC a léiriú go raibh tuiscint cheart ag an bhfoireann ar ábhar an doiciméid agus gur aontaigh an fhoireann an doiciméad a shíniú lena síniú pearsanta; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis sin;

29. ag tabhairt dá haire ón bhfreagra a thug an Comhghnóthas gur aimsigh a chomhordaitheoir rialaithe inmheánaigh, go luath in 2021, faoi chuimsiú an mheasúnaithe bhliantúil ar chóras rialaithe inmheánaigh an Chomhghnóthais, earráidí a bhain le céim an tsínithe roinnt conarthaí oibríochtúla in DACC, agus dá bhrí sin, nach raibh siad i gcomhréir le rialachán airgeadais an Chomhghnóthais, agus cé go meastar go bhfuil na conarthaí fós dlíthiúil faoi Dhlí na Spáinne agus na Fraince, léirigh an cás sin easnaimh thromchúiseacha i gcórais rialaithe inmheánaigh an Chomhghnóthais; ag tabhairt dá haire gur áirigh stiúrthóir feidhmiúcháin an Chomhghnóthais forchoimeádas clú neamhchainníochtúil ina dhearbhú urrúis bhliantúil don bhliain 2020 ina leith sin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, ón bhfreagra a thug an Comhghnóthas, ó 2021 ar aghaidh, go gcuirfidh a chumas iniúchóireachta inmheánaí (IAC) le raon feidhme a athbhreithnithe bhliantúil ar chearta rochtana ABAC chun DACC a chur san áireamh freisin; ag tabhairt dá haire gur sheol an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach i mí an Mheithimh 2021, iniúchadh dar teideal *Delegations and efficiency of decision making in F4E and cooperation mechanisms with DG ENER* [Toscaireachtaí agus éifeachtúlacht na cinnteoireachta in F4E agus sásraí comhair le AS ENER]; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh faoi na torthaí i ndáil leis sin;

30. ag tabhairt dá haire ón méid atá sa tuarascáil ón gCúirt gur chruthaigh an Comhghnóthas, sa bhreis ar chuntais úsáideoirí aonair, grúpchuntais úsáideoirí ag a bhfuil céannachtaí fíorúla chun bainistiú a fheidhmchlár TF áitiúil (DACC, IDM) a éascú agus, go dtí deireadh 2020, áfach, gur úsáideadh an grúpchuntas feidhmiúil a cruthaíodh do stiúrthóir an Chomhghnóthais freisin chun cineálacha éagsúla doiciméad tábhachtach a fhormheas agus a shíniú, rud atá contrártha le bunphrionsabail bheartas bainistithe um rochtain ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide an Chomhghnóthais inar gá cuntais úsáideora a bheith uathúil agus nasctha le húsáideoir aonair, agus dá bhrí sin, bhí gach duine sa ghrúpchuntas in ann gníomhaíochtaí a dhéanamh nár cheart ach don oifigeach údarúcháin atá freagrach a bheith in ann a dhéanamh; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis sin;

31. ag tabhairt dá haire ón méid atá sa naoú Tuarascáil Mheasúnúachta Bhliantúil go bhféadfar próiseas um bainistíocht riosca an Chomhghnóthais a fheabhsú go háirithe i ndáil le teagmhais chostais agus sceidil, leibhéal íogaireachta agus muiníne, agus i gcomhréir le treoirlínte na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Chaighdeánú; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis sin; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go léirítear le torthaí thuarascáil 2020 ar an measúnú ar aibíocht riosca nár thaifead an Comhghnóthas aon cheacht a foghlaimíodh maidir le bainistiú riosca; á iarraidh ar an gComhghnóthas na moltaí a leanúint a eascraíonn as an measúnú agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis sin;

32. ag tabhairt dá haire, tar éis iniúchadh IAC ar Shábháilteacht Núicléach in 2019, lena gcumhdaítear gnéithe bainistithe agus comhlíonta bhainistiú na sábháilteachta núicléiche ag an gComhghnóthas, go ndearna IAC obair leantach i mí na Bealtaine 2020, agus faoi dheireadh 2020, go raibh 22 ghníomhaíocht as na 23 ghníomhaíocht den phlean gníomhaíochta curtha chun feidhme cheana féin, agus go raibh an ghníomhaíocht dheireanach ar siúl; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i dtaca leis sin.

33. ag tabhairt dá haire ón méid a bhí sa tuarascáil ón gCúirt nár bunaíodh toscaireachtaí teicniúla go huathoibríoch i gcreat na dtoscaireachtaí in DACC agus IDM an Chomhghnóthais ach, ina ionad sin, gur bhraith sé ar gach oifigeach údarúcháin freagrach an duine ceart a roghnú le tarmligean a dhéanamh, bunaithe ar an gcreat a d'fhormheas Stiúrthóir an Chomhghnóthais agus, ina theannta sin, go dtugtar cumhachtaí tarmligin dá bhforáiltear sna conarthaí don fhoireann, cé is moite den oifigeach údarúcháin freagrach, rud nach bhfuil léirithe i gcreat toscaireachtaí an Chomhghnóthais; ag tabhairt dá haire, ó fhreagra an Chomhghnóthais, go mbaineann cumhachtaí tarmligin go heisiach le gníomhaíochtaí bainistithe an chonartha ó lá go lá, agus nach leasaíonn siad an conradh féin, agus go ndéanfaidh an Comhghnóthas an fhoráil faoi seach sa chonradh eiseamláireach a thabhairt cothrom le dáta; á iarraidh ar an gComhghnóthas aon fhorbairt i dtaca leis sin a tuairisciú don údarás um urscaoileadh;

34. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, ón méid atá sa tuarascáil ón gCúirt nach raibh feidhmchlár DACC an Chomhghnóthais faoi réir iniúchadh rialaithe inmheánaigh riamh, chun a áirithiú go bhfuil na cearta chun idirbhearta a údarú a dheonaítear d'úsáideoirí i gcomhréir leis an sainordú a tugadh don fhoireann, agus dá bhrí sin tá riosca mór ann i gcás neamhchomhlíonadh de bharr sáruithe ar bheartas tarmligin an Chomhghnóthais nach ndearnadh é sin a shainaithint ná a mhaolú; ag tabhairt dá haire ón bhfreagra a thug an Comhghnóthas go bhfuil bailíochtú ar an gceart úsáideora á dhéanamh ag tríú páirtí chun dearbhú a thabhairt; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis sin;

35. ag tabhairt dá haire, ón méid a bhí sa tuarascáil ón gCúirt, cé go ndeachaigh an Comhghnóthas i mbun DACC a úsáid in 2016 i gcás gealltanas dlíthiúil nó bainistiú conartha (lena n-áirítear i gcás conarthaí tosaigh in 2020), agus dá bhrí sin gur foinse bhreise do shonraí cuntasaíochta agus airgeadais a bhí ann, nach ndearnadh aon bhailíochtú ar a chóras cuntasaíochta ó 2013 i leith, rud atá contrártha le rialachán airgeadais an Chomhghnóthais; ag tabhairt dá haire, ó fhreagra an chomhghnóthais, go seolfar bailíochtú na gcóras cuntasaíochta in 2021 agus nach ndéantar DACC a shioncronú go huathoibríoch le ABAC agus go ndéantar na sonraí a chuirtear isteach sa chóras cuntasaíochta a bhailíochtú i gcomhréir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh faoi aon fhorbairt i ndáil leis sin;

36. ag tabhairt dá haire go bhfuil iarrachtaí suntasacha déanta ag an gComhghnóthas thar na blianta chun córas leictreonach bainistithe doiciméad a chur chun feidhme agus le linn phaindéim COVID-19 gur úsáideadh na sínithe leictreonacha ardleibhéil in DACC ní hamháin chun leasuithe ar chonarthaí a bhainistiú agus a shíniú ach le haghaidh conarthaí tosaigh freisin, mar bhearta sealadacha riaracháin; á iarraidh ar an gComhghnóthas leanúint d'úsáid a bhaint as an ionstraim sin agus í a leathnú go gnéithe eile;

Soláthar agus deontais

37. ag tabhairt dá haire le linn 2020 gur seoladh 42 nós imeachta um sholáthar oibríochtúil, agus gur bronnadh 47 gconradh soláthair oibríochtúil agus gur síníodh 55 chonradh soláthair oibríochtúil, agus nár seoladh ach deontas amháin in 2020, agus nár síníodh aon deontas;

38. ag tabhairt dá haire ón méid atá sa tuarascáil ón gCúirt go n-úsáideann an Comhghnóthas a thairseach ríomhsholáthair féin, nach bhfuil sioncronaithe go hiomlán le réiteach ríomhsholáthair an Choimisiúin agus a bhféadfadh dúbláil nach bhfuil gá leis le hiarrachtaí forbartha agus infheistíochtaí an Choimisiúin a bheith mar thoradh air; á mheabhrú nach bhfuil sé sin i gcomhréir le prionsabal an limistéir aonair, "limistéar um idirmhalartú sonraí leictreonacha", le haghaidh rannpháirtithe, dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais; ag tabhairt dá haire ón bhfreagra a thug an Comhghnóthas, gurb amhlaidh, nuair a chumhdóidh an uirlis arna soláthar ag an gCoimisiún gach cineál nós imeachta soláthair is ábhartha don Chomhghnóthas agus nuair a thiocfaidh laghdú ar an ráta tuairiscithe teagmhas, go ndéanfaidh an Comhghnóthas measúnú ar an aistriú a d'fhéadfaí a dhéanamh chuig bosca uirlisí an Choimisiúin agus déanfaidh sé cinneadh bunaithe ar cheanglais oibríochtúla an Chomhghnóthais; á iarraidh ar an gComhghnóthas a réiteach soláthair a chomhchuibhiú le réiteach soláthair an Choimisiúin;